CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/170 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 8 Feabhra 2022

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1072 (EUTM Somalia/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile ([1]), agus go háirithe Airteagal 5 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 2010/96/CBES, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 CAE, na cinntí ábhartha a ghlacadh maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia), lena n-áirítear na cinntí chun Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ina dhiaidh sin.

(2) An 16 Iúil 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2020/1072 ([2]) lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Fabiano ZINZONE mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia.

(3) An 18 Eanáir 2022, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Briogáidire-Ghinearál Roberto VIGLIETTA a cheapadh i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Fabiano ZINZONE mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM na Somalia.

(4) An 21 Eanáir 2022, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh go ndéanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an togra ó údaráis mhíleata na hIodáile a fhormheas.

(5) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Roberto VIGLIETTA a cheapadh agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/1072 a aisghairm.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Roberto VIGLIETTA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) ón 9 Feabhra 2022.

([1]) IO L 44, 19.2.2010, lch. 16.

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1072 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 16 Iúil 2020 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) (IO L 234, 21.7.2020, lch. 18) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES)

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2020/1072 a aisghairm ón 9 Feabhra 2022.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach